€700,000

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bpinsean a tugadh do Paul Kiely. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na teidil seo?

1. CRC (Central Remedial Clinic)
2. HSE (Health Service Executive)

Ceist 2 An bhfuil Gaeilge agat ar na focail / téarmaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- member / associate: _____
- Public Accounts Committee: _____
- retirement package: _____
- chief executive (ex): _____
- important documents: _____
- interim administrator: _____
- evidence: _____
- omissions and gaps: _____
- illegal: _____
- savings: _____
- in the long term: _____
- accurate figures: _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair agus féachaigí an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair. Cé hiad na daoine seo a leanas agus cad a dúradh fúthu?

Paul Kiely
John Cregan
Shane Ross
Hamilton Goulding

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 Féach ar an tuairisc arís agus breac síos gach sampla den bhriathar saor a chloiseann tú.

Ceist 5 '…sonraí **an mhargaidh**…' / '…iarchathaoirleach **na heagraíochta'**

A. Cén ghné den ghramadach a bhaineann leis na focail i gcló dubh thuas?

B. Cuir an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní sna bearnaí:

1. comhaltaí (an bord): _____
2. dath (an gluaisteán): _____

3. méid (an fhuinneog): _____
4. gile (an solas): _____
5. dúshlán (an fhilíocht): _____
6. costas (an íocaíocht): _____
7. áilleacht (an gúna): _____
8. siopa (an búistéir): _____
9. mála (an múinteoir): _____
10. blas (an t-arán): _____

Ceist 6 **A**. Cuir na frásaí seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

an focal scoir
ar scor
an buille scoir

B. Pléigh an cheist seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

An gceapann tú go saothraíonn polaiteoirí agus príomhfheidhmeannaigh an iomarca airgid?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

An Clinic Lárnach Íocshláinteach (Nóta: is é 'feabhas' an focal atá ar 'remedial' i gcomhthéacs an oideachais).
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ceist 2

member / associate:	*comhalta*
Public Accounts Committee:	*Coiste um Chuntais Phoiblí*
retirement package:	*pacáiste scoir*
chief executive (ex):	*iar-phríomhfheidhmeannach*
important documents:	*cáipéisí tábhachtacha*
interim administrator:	*riarthóir eatramhach*
evidence:	*fianaise*
omissions and gaps:	*easnaimh agus bearnaí*
illegal:	*mídhleathach*
savings:	*coigilteas*
in the long term:	*san fhadtréimhse*
accurate figures:	*figiúirí beachta*

Ceist 3

Paul Kiely

Iar-phríomhfheidhmeannach ar an CRC ba ea é. Tugadh pacáiste scoir de bhreis is seacht gcéad míle euro dó. Tá comhaltaí Bhord an CRC iarrtha os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí arís chun tuilleadh ceisteanna a fhreagairt maidir leis an íocaíocht.

John Cregan

Is riarthóir eatramhach de chuid an CRC é agus ba mhaith leis teacht ar cháipéisí tábhachtacha, a bhaineann leis an bpacáiste scoir a íocadh le Paul Kiely. Tá na cáipéisí ar iarraidh. Níl an FSS sásta a dheimhniú go bhfuil na cáipéisí ar iarraidh.

Shane Ross

Is Teachta Dála Neamhspleách é. Dúirt sé ar RTÉ gur mhaith leis go mbeadh sonraí an mhargaidh ar fad ar fáil don phobal. Dúirt sé chomh maith, nach raibh sé iomlán cinnte go raibh an méid a dúirt Hamilton Goulding bunaithe ar fhigiúirí beachta.

Hamilton Goulding

Iarchathaoirleach an CRC ba ea é. Deir sé nach ndearnadh aon ní mídhleathach ag an gclinic agus go ndearnadh coigilteas fadtéarmach de bharr an phacáiste a íocadh le Paul Kiely.

Ceist 4

tuigtear
go n-iarrfar
a tugadh
tuairiscíodh
a íocadh
a dúradh
nach ndearnadh

Ceist 5

A. An tuiseal ginideach (firinscneach agus baininscneach)
B.

1. comhaltaí (an bord): *an bhoird*
2. dath (an gluaisteán): *an ghluaisteáin*
3. méid (an fhuinneog): *na fuinneoige*
4. gile (an solas): *an tsolais*

5. dúshlán (an fhilíocht): *na filíochta*
6. costas (an íocaíocht): *na híocaíochta*
7. áilleacht (an gúna): *an ghúna*
8. siopa (an búistéir): *an bhúistéara*
9. mála (an múinteoir): *an mhúinteora*
10. blas (an t-arán): *an aráin*

Ceist 6
A. an focail scoir – the last word, parting word
ar scor – retired
an buille scoir – the final blow
B. Is féidir leis na daltaí an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Tá sé ráite ag comhalta de chuid an Choiste um Chuntais Phoiblí go mbeidh an coiste ag scríobh chuig comhaltaí Bhord an CRC, a cheadaigh an pacáiste scoir don iar-phríomhfheidhmeannach, Paul Kiely. Tuigtear go n-iarrfar orthu teacht os comhair an choiste arís le ceisteanna a fhreagairt maidir leis an íocaíocht de bhreis is seacht gcéad míle euro a tugadh do Paul Kiely.

Caoimhe Ní Laighin
Tuairiscíodh ar maidin go raibh cáipéisí tábhachtacha a bhaineann leis an bpacáiste scoir a íocadh le hiar-phríomhfheidhmeannach an CRC ar iarraidh. Dúirt an HSE inniu nach rabhadar sásta a dheimhniú go raibh na cáipéisí sin ar iarraidh, ach go raibh riarthóir eatramhach an CRC, John Cregan, ag iarraidh teacht orthu. Beidh an Coiste um Chuntais Phoiblí ag scríobh an tseachtain seo chuig comhaltaí de Bhord an CRC go raibh baint acu leis an bpacáiste scoir de thrí ceathrú milliún euro a tugadh do Paul Kiely a cheadú. Agus é ag caint ar RTÉ inniu, dúirt an Teachta Dála Neamhspleách, Shane Ross, go gcaithfidh sonraí an mhargaidh seo a chur ar fáil ina n-iomláine.

Harry McGee
Is cinnte go bhfuil an Coiste Um Chuntais Phoiblí ag iarraidh baill de bhord an chlinic a thabhairt isteach arís chun fianaise a thabhairt. Ní raibh siad sásta leis an bhfianaise a tugadh le linn mhí na Nollag ná an fhianaise a tugadh an tseachtain seo caite. Is cinnte go raibh cuid de na rudaí a dúradh, go raibh siad ag teacht salach ar a chéile, agus bhí easnaimh agus bearnaí ansin maidir leis an bhfianaise.

Caoimhe Ní Laighin
Inné dúirt iarchathaoirleach na heagraíochta, Hamilton Goulding, nach ndearnadh rud ar bith mídhleathach ag an gclinic, go ndearnadh coigilteas don chlinic san fhadtréimhse de bharr an phacáiste a íocadh le Paul Kiely. Ach, dúirt an Teachta Dála Neamhspleách, Shane Ross, inniu nach raibh sé iomlán soiléir an raibh an ráiteas sin bunaithe ar fhigiúirí beachta. Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.